

REACHTANNA
CHUMANN NA nIAR-FHEISIRÍ DE
PHARLAIMINT NA hEORPA

Parlaimint na hEorpa – an Bhruiséil

An Bhruiséil, 19 Meitheamh 2001
Téacs arna leasú an 9 Deireadh Fómhair 2008
agus an 18 Deireadh Fómhair 2012

NT\441404GA.doc

TEIDEAL I: AINM, OIFIG CHLÁRAITHE, BUNÚS DLÍ, CUSPÓIR

Airteagal 1 – Ainm an Chumainn

Tá an Cumann bunaithe faoin ainm ‘*Cumann na nIar-Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa*’, dá ngairfear ‘*an Cumann*’ anseo feasta.

Is iad seo a leanas na bunaitheoirí:

Richard BALFE - 31, Lyndewode Road Cambridge CB1 2HN, An Ríocht Aontaithe
An Tiarna Henry PLUMB - Maxstoke, Coleshill, Warwickshire B46 2QJ, An Ríocht Aontaithe
Ursula SCHLEICHER - Backoffenstrasse 6, D-63739 Aschaffenburg, An Ghearmáin

Airteagal 2 Bunús dlí

Is cumann neamhbhrabúis (ASBL) é an Cumann arna rialú ag dlí na Beilge (Dlí an 27 Meitheamh 1921 lena ndeonaítear pearsantacht shibhialta do chumainn neamhbhrabúis agus an Dlí an 14 Samhain 1983 maidir le faireachán a dhéanamh ar dhámhachtain agus ar úsáid fóirdheontas áirithe).

Airteagal 3 – Oifig chláraithe an Chumainn

Tá oifig chláraithe an Chumainn i bParlaimint na hEorpa, rue Wiertz, 1047 an Bhruiséil, ceantar na Bruiséile (an Bheilg).

Airteagal 4 – Cuspóir agus fad ré an Chumainn

1. Bunaítear an Cumann ar feadh téarma éiginnte.
2. Is é príomhchuspóir an Chumainn:
 - a) iar-Fheisirí a thabhairt le chéile agus fóram a chur ar fáil dóibh le haghaidh cruinnithe, plé agus imeachtaí cultúrtha, eolaíochta agus sóisialta,
 - b) malartú faisnéise agus nuachta idir iar-Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa a éascú,
 - c) caidreamh a chothú idir Iar-Fheisirí agus Feisirí reatha de Pharlaimint na hEorpa trí líonra faisnéise a bhunú agus a úsáid,
 - d) leas a bhaint as taithí na nIar-Fheisirí chun an daonlathas parlaiminteach a neartú agus chun freastal ar aontacht na hEorpa,

- e) teagmháil a chur chun cinn idir eagraíochtaí comhchosúla san Eoraip agus in áiteanna eile, mar shampla cumainn Iar-Fheisirí ar an leibhéal náisiúnta, agus, go háirithe, Chomhlachas Parlaimint na hEorpa,
- f) go ginearálta, díospóireacht ar fhorbairt an Aontais Eorpaigh sa réimse polaitiúil chomh maith le tuairimí an phobail a chur chun cinn agus staidéar a dhéanamh ar a iarmhairtí ar na hinstiúidí, ar údaráis áitiúla agus ar shaoránaigh.

TEIDEAL II: BALLRAÍOCHT

Airteagal 5 – Ballraíocht sa Chumann

1. Ní féidir líon na gcomhaltaí a bheith níos lú ná tríúr.*
2. Féadfaidh Iar-Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa, a bhfuil deireadh tagtha lena dtéarma oifige agus a bhfuil suim acu dul isteach sa Chumann, iarratas ar bhallraíocht a dhéanamh i scríbhinn. Déanfaidh an Coiste Bainistíochta a mballraíocht a fhaomhadh.
3. Daoine ar baineadh a sainordú díobh nó a bhaineann le cumann nach gcloíonn le cearta bunúsacha an duine, ní féidir leo a bheith ina gcomhaltaí den Chumann.
4. Ní mór liosta ina léireofar, in ord aibítire, sloinnte, céadainmneacha, cónaithe agus náisiúntachtaí chomhaltaí an Chumainn a chur i gClárlann na Cúirte Sibhialta ar shuíomh an Chumainn laistigh de mhí amháin ó fhoilsiú na reachtanna. Ina theannta sin, más rud é nach náisiúnaigh de chuid na Beilge iad na baill, déanfar tagairt dá liostú sa chlár daonra, i gcás inarb iomchuí. Déanfar an liosta a fhorlíonadh gach bliain le tásca in ord aibítire na n-athruithe a tharla i measc na gcomhaltaí. Beidh duine ar bith in ann iad féin a chur ar an eolas saor in aisce¹.
5. Faigheann an Cumann pearsantacht shibhialta².

Airteagal 6 – Cailliúint agus fionraí ballraíochta

1. Is féidir ballraíocht a chailleadh mar gheall ar na cúiseanna seo a leanas:
 - a) bás,
 - b) éirí as,
 - c) díbirt.
2. I gcás ina n-éireoidh siad as oifig, ní mór do chomhaltaí a n-iarratas a chur faoi bhráid an Choiste Bainistíochta i scríbhinn.
3. Is féidir ballraíocht a chailleadh freisin trí dhíbirt mar gheall ar na nithe seo a leanas:

¹ Dlí na Beilge an 28 Meitheamh 1984, Airteagal 9 (a tháinig i bhfeidhm an 16 Lúnasa 1984).

² Acht comhdhlúthúcháin an 19 Nollaig 1939, Airteagal 20, Teideal IV, pointe (v).

- a) mí-iompar tromchúiseach,
- b) mainneachtain cuspóirí an Chumainn a urramú,
- c) dochar a dhéanamh do chlú an Chumainn.

An Comhthionól Ginearálta, ag gníomhú dó trí throllach dhá thrian de na comhaltaí a chaitheann vóta go pearsanta nó a ndéantar ionadaíocht dóibh trí chumhacht aturnae i scríbhinn (Airteagal 8(5)), déanfaidh sé cinneadh faoin díbirt tar éis an deis a thabhairt don duine lena mbaineann údar a thabhairt ina leith féin.

* sainaithint na gcomhpháirtithe san iarscríbhinn

4. Is féidir ballraíocht a chur ar fionraí:

- a) ar feadh ré an tsainordaithe i gcás atoghadh do Pharlaimint na hEorpa,
- b) fad nach n-íoctar na táillí ballraíochta (Airt. 7 (1)).

5. Ní bheidh aon éileamh ar shócmhainní an Chumainn ag comhaltaí a díbríodh ná oidhrí ginearálta Comhalta éagtha.

Airteagal 7 – Táille bhallraíochta agus forálacha airgeadais

1. Ceanglaítear ar chomhaltaí an chumainn táillí ballraíochta bliantúla a íoc. Bíonn íocaíocht na dtáillí ballraíochta bliantúla dlite ar an lá roimh an gComhthionól Ginearálta gach bliain féilire. Rachaidh ballraíocht na gcomhaltaí nach n-íocfaidh an táille faoin dáta dlite in éag agus ní bheidh siad i dteideal thairbhí na ballraíochta.
2. Socróidh an Gnáthchomhthionól ginearálta méid na táille ballraíochta bliantúla gach bliain trí throllach simplí. Don tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2002, socrófar an táille bhallraíochta bhliantúil ag EUR 50. Is é EUR 50 an táille bhallraíochta don bhliain 2003; don bhliain 2004, is é EUR 100 méid na táille, ach EUR 50 do chomhaltaí nua a thiochfaidh isteach i ndiaidh na dtoghchán. As sin ar aghaidh, socróidh an Comhthionól Ginearálta an táille bhallraíochta bhliantúil gach bliain don bhliain i ndiaidh na bliana ina a raibh an Comhthionól ar siúl.
3. Beidh sairse ag an gCumann glacadh le tacaíocht airgeadais, riaracháin agus eile ó Pharlaimint na hEorpa.
4. Tabharfar de chumhacht don Chumann glacadh le bronntanais idir daoine beo, leagáidí nó tabhartais eile ó iar-Chomhaltaí nó ó Chomhaltaí reatha agus, ach formheas a fháil ón gCoiste Bainistíochta, bronntanais, tabhartais, síntiúis nó fóirdheontais ó dhaoine nó ó chomhlachtaí eile.
5. Ní thabhóidh comhaltaí aon oibleagáid phearsanta maidir le hoibleagáidí an Chumainn.

TEIDEAL III: COMHLACHTAÍ AN CHUMAINN

Is iad an Comhthionól Ginearálta agus an Coiste Bainistíochta comhlachtaí an Chumainn.

Airteagal 8 – Gnáthchomhthionól ginearálta

1. Tionólfar an Comhthionól Ginearálta uair sa bhliain ar a laghad ar áitreabh Pharlaimint na hEorpa.
2. Tá an Comhthionól Ginearálta comhdhéanta de gach comhalta an Chumainn. Is é Uachtarán an Choiste Bainistíochta nó, mura bhfuil sé in ann a bheith i láthair, an Leas-Uachtarán, a dhéanann cathaoirleacht ar an gComhthionól.
3. Seolfar cuirí chuig an gComhthionól Ginearálta, mar aon leis an dréachtchlár oibre, dhá mhí ar a laghad roimh an dáta socraithe. Ní mór formheas thromlach na gcomhaltaí a bheidh i láthair a bheith ag leasuithe ar an dréachtchlár.
4. Is iad seo a leanas na cúraimí atá ag an Comhthionól Ginearálta:
 - a) na tuarascálacha bliantúla agus airgeadais agus an buiséad arna gcur isteach ag an gCoiste Bainistíochta a fháil agus a fhorghéall, le vótaí ar leithligh, mar aon le tuarascáil na n-iniúcháirí,
 - b) méid na táille comhaltais a shocrú don bhliain dár gcionn (Airteagal 7, mír 2),
 - c) na reachtanna a leasú (Airteagal 15);
 - d) an Coiste Bainistíochta a thoghadh. Is le rúnbhallóid a dhéanfar an toghchán seo. Toghfarr na hiarrthóirí a fuair an líon is airde vótaí go dtí go líonfar na bhfolúntas uile atá sa toghchán.
5. Beidh aon vóta amháin ag gach comhalta. Mura bhforáilfear a mhalairt, déanfaidh an Comhthionól Ginearálta cinneadh trí thromlach simplí de na comhaltaí a vótálfaidh nó a ndéanfar ionadaíocht dóibh trí bhíthin seachvótála i scríbhinn. Ní bheidh aon teorainn le líon na seachvótálaithe a fhéadfaidh comhalta áirithe a shealbhú. Féadfaidh comhalta a cheapann comhalta eile nó Cathaoirleach an chruinnithe mar a sheachvótálaí a shonrú san fhoirm sheachvótála conas is mian leis nó léi go gcaithfear an vóta. Beidh an cinneadh sin ina cheangal ar an gcomhalta a bheidh ag gníomhú mar sheachvótálaí.
6. Ní bheidh córam ag an gComhthionól Ginearálta ach amháin má bhíonn 50 comhalta ar a laghad i láthair, nó má bhíonn ionadaíocht á déanamh dóibh. Mura bhfuil córam ann ag cruinniú tosaigh, tionólfar cruinniú eile uair an chloig ina dhiaidh sin ag a mbeifear in ann an gnó a phlé gan beann ar cén líon comhaltaí a bheidh i láthair nó a mbeidh ionadaíocht á déanamh dóibh.

7. Is é rúnaí an Chumainn a tharraingíonn suas miontuairiscí chruinnithe an Chomhthionóil Ghinearálta agus cuirtear ar aghaidh iad chuig na comhaltaí go léir laistigh de dhá mhí.

Airteagal 9 – Na hIniúcháirí

1. Ceapfaidh an Comhthionól Ginearálta beirt chomhalta den Chumainn mar iniúcháirí a scrúdóidh na cuntais agus a chuirfidh tuarascáil faoi bhráid an Chomhthionóil Ghinearálta.
2. Ceapfaidh an Comhthionól Ginearálta freisin gnólacht gairmiúil iniúcháirí a bheidh inghlactha ag an gComhthionól Ginearálta agus ag Parlaimint na hEorpa araon agus déanfaidh seisean iniúchadh ar chuntais an Chumainn gach bliain agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus an Chomhthionóil Ghinearálta araon tríd an gCoiste Bainistíochta.

Airteagal 10 – Comhthionól Ghinearálta Urghnách

Déanfaidh an tUachtarán nó a ionadaí malartach Comhthionól Ginearálta Urghnách a thionól mí amháin ar a laghad roimh an dáta a shocróidh – i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos in Airteagal 8:

1. má mheasann an Coiste Bainistíochta gur gá sin nó má iarrann cúigiú comhaltaí an Chumainn é;
2. chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an gComhlachas a dhíscaoileadh (Airteagal 16).

Airteagal 11 – An Coiste Bainistíochta

1. Beidh lánchumhachtaí ag an gCoiste Bainistíochta chun an Cumann a riaradh agus a bhainistiú, i gcomhréir lena aidhmeanna. Is iad na gníomhartha sin a fhorchoimeádtar le dlí nó leis na Reachtanna seo don Chomhthionól Ginearálta, agus iad sin amháin, a eisiatar dá inniúlacht. Ní thabhóidh riarthóirí aon oibleagáid phearsanta de bhua na n-oibleagáidí faoina rachaidh an Cumann. Féadfaidh an Coiste Bainistíochta iarraidh ar sheirbhísí speisialtóirí seachtracha cúnadh a thabhairt chun an Cumann a bhainistiú agus a riaradh.
2. Is é an príomhról a bheidh ag an gCoiste Bainistíochta ná feidhmiú ginearálta an Chumainn idir cruinnithe a áirithiú. Ullmhaíonn sé pléití an Chomhthionóil Ghinearálta agus cuireann sé a chinntí chun feidhme. Féadfaidh an Cumann, más dóigh leis gur gá sin, baill foirne bhuaana a fhostú le haghaidh bainistiú reatha an Chumainn, ag gníomhú dóibh faoi rialú ag an gCoiste Bainistíochta. Féadfaidh an Cumann bainistiú reatha an Chumainn a tharmligean, lena n-áirítear an chumhacht sínithe a ghabhann leis. Mar an gcéanna, féadfaidh an Coiste Bainistíochta na cumhachtaí sínithe go léir a tharmligean. Déanfaidh an Coiste Bainistíochta, arb é a Uachtarán feidhmiú ar a shon, caingeán dlí, cibé acu mar ghearánaí nó mar chosantóir

é, a thionscnamh thar ceann an Chumainn. Ní rachaidh comhaltaí an Choiste Bainistíochta faoi aon dliteanas pearsanta de bhua a n-oifige agus ní bheidh siad faoi dhliteanas ach amháin i leith chomhlíonadh a ndualgas oifigiúil.

3. Déanfaidh an Coiste Bainistíochta ionadaíocht thar ceann an Chumainn agus iad ag déileáil le tríú páirtithe, comhlachtaí poiblí agus príobháideacha agus gníomhartha ar son an Chumainn.
4. Tá sé freagrach as cuspóirí an Chumainn a bhaint amach go cuí (Airteagal 4).
5. Beidh sé freagrach as gníomhaíochtaí speisialta a eagrú, mar shampla turais agus imeachtaí cultúrtha, eolaíoch agus sóisialta eile.
6. Tíolacfaidh an Coiste Bainistíochta dréachtchlár gníomhaíochtaí don bhliain dár gcionn ag gach Gnáthchomhthionól ginearálta. Tar éis aon leasú agus aon fhormheas a dhéanamh, ba cheart é a scaipeadh ar chomhaltaí an Chumainn.
7. Féadfaidh an Coiste Bainistíochta comhaltaí aonair nach bhfuil ag fónamh ar an gCoiste Bainistíochta a cheapadh chun tabhairt faoi chúram sonrath nó faoi ról sonrath.
8. Tá deich gcomhalta a thoghtar ar feadh tréimhse dhá bhliain ar an gCoiste Bainistíochta. Tar éis a dtoghtha, toghfaidh siad Uachtarán, Leas-Uachtarán, cisteoir agus rúnaí eatarthu féin.
9. Ceapfaidh Coláiste na gCaestóirí i bParlaimint na hEorpa beirt dá chuid comhaltaí chun fónamh mar Chomhaltaí gan ceart vótála den Choiste Bainistíochta agus déanfaidh sé cinneadh faoina dtéarma oifige.
10. Toghfar deichniúr comhalta chun an Choiste Bhainistíochta ag an gcuinniú bunaitheach. Fóndfaidh an cúigear iarrthóir a bhfuil an méid is lú vótaí acu ar feadh téarma bliana. Ag deireadh na chéad bhliana agus ina dhiaidh sin, toghfar cúigear comhalta den Choiste Bainistíochta gach bliain.
11. Féadfaidh an Comhthionól Ginearálta comhaltaí an Choiste Bainistíochta a chúlghairm trí thromlach.
12. Tionólfadha an Cathaoirleach cruinnithe den Choiste Bainistíochta dhá uair sa bhliain ar a laghad.
13. Déanfar cinntí trí thromlach na gcomhaltaí atá i láthair ar an gCoiste Bainistíochta. I gcás comhionannas vótaí, beidh vóta réitigh ag Cathaoirleach an chruinnithe.

TEIDEAL IV: BUISÉAD AGUS CUNTAIS

Airteagal 12 – Buiséad agus cuntas

1. Tosóidh an bhliain airgeadais an 1 Eanáir agus críochnóidh sí an 31 Nollaig.
2. Cuirfear na cuntais don bhliain airgeadais roimhe sin agus an buiséad don bhliain ina dhiaidh sin faoi bhráid an Ghnáthchomhthionóil ghinearálta gach bliain lena bhformheas.
3. Cé is moite de chostais a bhaineann go díreach le comhlíonadh a ndualgas, ní bhfaighidh comhaltaí an Choiste Bainistíochta aon luach saothair. In aon chás, costas díreach níos mó ná 15 % de bhuiséad bliantúil an Chumainn a bheith ar ghníomhaíochtaí chomhaltaí an Choiste Bainistíochta.
4. Déanfaidh an Coiste Bainistíochta na cuntais atá fíoraithe go gairmiúil agus go neamhghairmiúil, an tuarascáil airgeadais agus buiséad na bliana dár gcionn a chur faoi bhráid an Chomhthionóil Ghinearálta.
5. A luaithe a fhorghaibh an Comhthionól Ginearálta iad, déanfar na cuntais atá fíoraithe go gairmiúil agus go neamhghairmiúil, an tuarascáil airgeadais agus an buiséad a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa trí Choláiste na gCaestóirí.

TEIDEAL V: ACMHAINNÍ / BONNEAGAR

Airteagal 13 – Acmhainní airgeadais

Beidh acmhainní an Chumainn chomhdhéanta den mhéid seo a leanas:

1. ranníocaíochtaí a chomhaltaí,
2. fóirdheontais arna gcur ar fáil ag comhlachtaí poiblí nó príobháideacha,
3. fóirdheontais bhliantúla arna n-íoc ag Parlaimint na hEorpa.

Airteagal 14 – Bonneagar

1. Beidh de cheart ag comhaltaí an Chumainn an bonneagar seo a leanas a úsáid:
 - a) ‘bureau de passage’, ceaptha lena úsáid ag Iar-Fheisirí ar bhonn ócáideach, le trealamh teileafóin le haghaidh glaonna áitiúla i ngach ceann de na trí ionad oibre,
 - b) trealamh ríomhaireachta, atá suiteáilte sa ‘bureau de passage’, a bhfuil rochtain saor in aisce ar an idirlíon agus ar inlfón aige,
 - c) suíomh gréasáin an Chumainn atá nasctha le leathanach baile na Parlaiminte,
 - d) cianrochtain ar shaoráidí inlín, a mhéid is féidir,
 - e) beár do na Feisirí.

2. Tabharfar ceart rochtana go gach Iar-Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa – ar shuaitheantas, a fhéadfaidh siad a fháil arna iarraidh sin dóibh a thabhairt ar aird:
 - a) ar fhoirgnimh na Parlaiminte sna trí áit oibre agus oifigí faisnéise na Parlaiminte sna Ballstáit,
 - b) ar gharáistí na Parlaiminte sna trí ionad oibre,
 - c) ar leabharlanna na Parlaiminte sna trí ionad oibre,
 - d) ar bhialanna agus caifiteirí na Parlaiminte sna trí áit oibre,
 - e) ar áitribh Chomhlachas Parlaimint na hEorpa,
3. Maidir le ceisteanna a dhíreofar chuig Parlaimint na hEorpa a bhaineann le húsáid nó fadú seirbhísí a chuirtear ar fáil, déanfar iad a dhíriú ar an gcéad dul síos, trí Choláiste na gCaestóirí, chuig comhlacht iomchuí na Parlaiminte faoi fhreagracht ghinearálta an Bhiúró.

TEIDEAL VI: LEASÚ AR REACHTANNA/DÍSCAOILEADH AN CHUMAINN

Airteagal 15 – Reachtanna a leasú

1. Tá sé de cheart ag an gComhthionól Ginearálta Reachtanna an Chumainn a leasú. Ní fhéadfaidh sé plé bailí a dhéanamh ar leasuithe ar na reachtanna ach amháin má luaitear cuspóir na leasuithe sin go sainráite san fhógra cruinnithe agus má tá dhá thrian de chomhaltaí an chumainn i láthair nó má dhéantar ionadaíocht dóibh trí bhíthin cumhacht aturnae i scríbhinn (Airteagal 8(5)). Ní fhéadfar leasuithe a ghlacadh ach amháin trí thromlach dhá thrian de na comhaltaí atá i láthair nó a bhfuil ionadaíocht á deanamh dóibh.
2. Mar sin féin, éileofar tromlach de cheithre chúigiú de chomhaltaí a bheith i láthair, nó a ndéanfar ionadaíocht dóibh trí sheachvótáil i scríbhinn, chun aon leasú a ghlacadh a bhaineann leis an gcuspóir nó na cuspóirí dár bunaíodh an Cumann.
3. Mura mbeidh dhá thrian de na comhaltaí i láthair, nó mura mbeidh ionadaíocht á deanamh orthu, trí bhíthin cumhacht aturnae i scríbhinn ag an gcéad chruinniú, féadfar dara cruinniú a thionól a d'fhéadfaí plé a dhéanamh gan beann ar an líon comhaltaí a bheidh i láthair nó a mbeidh ionadaíocht á deanamh dóibh, agus féadfaidh sé leasuithe a ghlacadh leis an tromlach a shonraítear i mír 1 nó mír 2. Ní fhéadfar an dara cruinniú a thionól tráth is luaithe ná 15 lá tar éis an chéad chruinnithe.

Airteagal 16 – An Cumann a Dhíscaoileadh

1. Féadfar an Cumann a dhíscaoileadh trí chinneadh arna ghlacadh ag cruinniú ginearálta urghnách arna thionól go sonrach chuige sin, ag gníomhú dó trí thromlach dhá thrian ar a laghad de na comhaltaí a bheidh i láthair nó a mbeidh ionadaíocht á déanamh dóibh (Airteagal 8(5)). Mura gcomhlíonfar an coinníoll sin, féadfar dara cruinniú a thionól a d'fhéadfaí plé bailí a dhéanamh gan beann ar an líon comhaltaí a bheidh i láthair nó a mbeidh ionadaíocht á déanamh dóibh. Ní fhéadfar cinneadh a ghlacadh, áfach, mura gcaithfidh tromlach dhá thrian de na comhaltaí a bheidh i láthair vóta ar a son. Aon chinneadh a bhainfidh le díscaoileadh an Chumainn, a dhéanfar ag cruinniú a mbeidh líon is lú ná dhá thrian de chomhaltaí an Chumainn i láthair ann, nó a mbeidh ionadaíocht á déanamh dóibh ann, beidh an cinneadh sin faoi réir a fhormheasta ag cúirt shibhialta.
2. I gcás díscaoilte, déanfar aon sócmhainní a leithdháileadh le comhaontú ó Pharlaimint na hEorpa. Rachaidh áitribh atá faoi úinéireacht na Parlaiminte ar ais chuig an bParlaimint. Déanfar aon áitreabh a fhaightear lasmuigh de theorainneacha na Parlaiminte a leachtú i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.